CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1953 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Deireadh Fómhair 2022

maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chumhdaítear le Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh na bliana 2020 i gcomhair gach Ballstáit

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos i gCinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) na leithdháileacháin bhliantúla astaíochtaí i gcomhair gach Ballstáit le haghaidh gach bliain den tréimhse 2013 go 2020 agus sásra chun comhlíonadh na dteorainneacha sin a mheasúnú go bliantúil. Leagtar amach i gCinneadh 2013/162/AE ón gCoimisiún ([3]) leithdháileacháin bhliantúla astaíochtaí na mBallstát agus iad arna sloinneadh i dtonaí de choibhéis CO_2. Socraítear na coigeartuithe ar na leithdháileacháin bhliantúla astaíochtaí i gcomhair gach Ballstáit i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2013/634/AE ón gCoimisiún ([4]).

(2) Déantar foráil in Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 maidir le nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhardail astaíochtaí gás ceaptha teasa na mBallstát chun measúnú a dhéanamh i dtaca le comhlíonadh Chinneadh Uimh. 406/2009/CE. An t-athbhreithniú bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, rinneadh é ar bhonn na sonraí maidir le hastaíochtaí le haghaidh na bliana 2020 a tuairiscíodh don Choimisiún i mí an Mhárta 2022 i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i gCaibidil III de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 749/2014 ón gCoimisiún ([5]) agus in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Agus an ríomh á dhéanamh maidir le méid iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumhdaítear le Cinneadh Uimh. 406/2009/CE le haghaidh na bliana 2020 i gcomhair gach Ballstáit, ba cheart aird a thabhairt ar na ceartúcháin theicniúla agus na measteacháin athbhreithnithe a ríomhadh le linn an athbhreithnithe bhliantúil mar atá sna tuarascálacha deiridh maidir le hathbhreithniú arna dtarraingt suas de bhun Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 749/2014 agus ba cheart na ceartúcháin agus na measteacháin sin a chur san áireamh.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe chun go mbeidh sé ailínithe le forálacha Airteagal 19(7) de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 lena socraítear gurb é dáta foilsithe an Chinnidh seo túsphointe na tréimhse 4 mhí a mbeidh cead lena linn ag na Ballstáit úsáid a bhaint as na sásraí solúbthachta faoi Chinneadh Uimh. 406/2009/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo suim iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumhdaítear le Cinneadh Uimh. 406/2009/CE i gcomhair gach Ballstáit le haghaidh na bliana 2020 a eascraíonn as na sonraí fardail ceartaithe ar chríochnú don athbhreithniú bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.

([1]) IO L 165, 18.6.2013, lch. 13.

([2]) Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hiarrachtaí na mBallstát chun a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ionas go gcomhlíonfaí gealltanais an Chomhphobail maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go dtí 2020 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 136).

([3]) Cinneadh 2013/162/AE ón gCoimisiún an 26 Márta 2013 maidir le leithdháileacháin bhliantúla astaíochtaí na mBallstát a chinneadh le haghaidh na tréimhse ó 2013 go 2020 de bhun Chinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 90, 28.3.2013, lch. 106).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/634/AE ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2013 maidir le leithdháileacháin bhliantúla astaíochtaí na mBallstát a choigeartú le haghaidh na tréimhse ó 2013 go 2020 de bhun Chinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 292, 1.11.2013, lch. 19).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 749/2014 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2014 maidir le struchtúr, formáid, próisis tíolactha agus athbhreithniú na faisnéise arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 203, 11.7.2014, lch. 23).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Ballstát	**Astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumhdaítear le Cinneadh Uimh. 406/2009/CE, le haghaidh na bliana 2020 (tonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin)**
an Bheilg	64 904 157
an Bhulgáir	25 735 613
an tSeicia	58 650 330
an Danmhairg	30 835 287
an Ghearmáin	407 410 808
an Eastóin	5 934 829
Éire	44 721 180
an Ghréig	42 893 855
an Spáinn	184 188 341
an Fhrainc	307 767 715
an Chróit	16 518 244
an Iodáil	254 001 457
an Chipir	4 243 155
an Laitvia	8 436 245
an Liotuáin	14 042 972
Lucsamburg	7 687 843
an Ungáir	43 906 325
Málta	1 311 233
an Ísiltír	90 196 821
an Ostair	46 543 211
an Pholainn	205 093 211
an Phortaingéil	38 536 930
an Rómáin	77 123 535
an tSlóivéin	9 754 284
an tSlóvaic	18 877 704
an Fhionlainn	28 120 096
an tSualainn	29 384 094
an Ríocht Aontaithe	298 936 220